RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/370 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2021

lena gcuirtear allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise faoi réir clárú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Meán Fómhair 2020, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún"), le fógra arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an fógra tionscnaimh"), tionscnamh imeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise isteach san Aontas ("na himeachtaí frithdhumpála"), tar éis gearán a rinne Comhlachas Eorpach na Cruach ("EUROFER") ("an gearánach") an 17 Lúnasa 2020 thar ceann táirgeoirí atá freagrach as níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais de tháirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta.

1. TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR CLÁRÚCHÁIN

(2) Is iad táirgí cruach dosmálta cothromrollta an táirge atá faoi réir clárú ("an táirge lena mbaineann"), nach ndearnadh oibriú breise orthu seachas fuar-rolladh (fuarlaghdú), de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise ("na tíortha lena mbaineann"). Is faoi na cóid AC 7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20 agus 7220 90 80 atá na táirgí seo rangaithe faoi láthair. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC.

2. IARRAIDH

(3) An 21 Nollaig 2020, chuir an gearánach iarratas ar chlárú isteach de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, rud a thug bunús breise lena iarraidh ar an ngearán i gcomhthéacs an chláraithe. D'iarr an gearánach go gcuirfí allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir clárú ionas go bhféadfaí bearta a chur i bhfeidhm i gcoinne na n-allmhairí sin go cúlghabhálach ó dháta an chláraithe sin.

(4) Chuir táirgeoir onnmhairithe amháin atá ag feidhmiú sa dá thír lena mbaineann, Grúpa Jindal, barúlacha isteach mar fhreagra ar an iarratas.

3. NA FORAIS LE CLÁRÚ

(5) De réir Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a thabhairt chun allmhairí a chlárú, ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm dá éis sin i gcoinne na n-allmhairí sin ó dháta an chláraithe sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sa bhun-Rialachán. Féadfar allmhairí a chur faoi réir clárú tar éis iarraidh a fháil ón tionscal de chuid an Aontais ina bhfuil fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt chuige sin.

(6) Líomhnaigh an gearánach, ar bhonn na staitisticí is déanaí a bhí ar fáil, go raibh ardú suntasach ar allmhairí tar éis an imscrúdú a thionscnamh, ardú ar dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha ionchasacha. Thairis sin, rinne an gearánach an argóint i bhfianaise stair dumpála an táirge lena mbaineann agus na mbeart éagsúil a forchuireadh agus na n-imscrúduithe éagsúla a rinneadh, go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoi na cleachtais dumpála na dtíortha lena mbaineann nó gur cheart iad a bheith ar an eolas fúthu.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO C 322, 30.9.2020, lch. 17.

(7) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an iarraidh i bhfianaise Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. D'fhíoraigh an Coimisiún an raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil maidir le méid na dumpála agus na díobhála a bhfuil sé líomhainte go ndearnadh iad nó atá faighte, nó ar cheart iad a bheith ar an eolas faoi. Rinne sé anailís freisin féachaint an raibh ardú suntasach breise ar allmhairí, i bhfianaise uainiú chomh maith le méid agus cúinsí eile, ardú ar dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithí ionchasaí atá le cur i bhfeidhm.

3.1. **Feasacht na n-allmhaireoirí faoin dumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil a bhfuil sé líomhainte go ndearnadh iad**

(8) Tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún ag an gcéim seo go bhfuil allmhairí den táirge lena mbaineann ón India agus ón Indinéis á ndumpáil. Cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán ar dhumpáil, bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir an ghnáthluacha atá déanta amach amhlaidh agus praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal díreach ón monarcha) an táirge lena mbaineann nuair a dhíoltar lena onnmhairiú chuig an Aontas é. Ar an iomlán agus i bhfianaise mhéid na gcorrlach dumpála a bhfuil sé líomhainte go ndearnadh é, 48,8 % i gcás na hIndia agus ó 15,6 % go 34,4 % i gcás na hIndinéise, chuir an fhianaise sin tacaíocht leordhóthanach ar fáil leis an líomhain go ndéanann na táirgeoirí onnmhairiúcháin dumpáil.

(9) Cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán ar dhíobháil a bhfuil sé líomhainte go ndearnadh í do thionscal an Aontais, lena n-áirítear forbairt dhiúltach ar phríomhtháscairí feidhmíochta thionscal an Aontais.

(10) Bhí an fhaisnéis sin sa leagan neamhrúnda den ghearán agus san fhógra tionscnaimh don imeacht seo araon a foilsíodh an 30 Meán Fómhair 2020. Lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is doiciméad poiblí é an Fógra Tionscnaimh a bhfuil rochtain ag gach allmhaireoir air. Thairis sin, tá rochtain ag allmhaireoirí ar an leagan neamhrúnda den ghearán agus ar an gcomhad neamhrúnda mar pháirtithe leasmhara san imscrúdú. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh allmhaireoirí ar an eolas, ar an mbonn sin, faoin dumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil a bhfuil sé líomhainte go ndearnadh í, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoi.

(11) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar an gcaoi sin gur comhlíonadh an chéad chritéar maidir le clárú.

3.2. **Méadú breise suntasach ar allmhairí**

(12) Rinne an Coimisiún anailís ar an gcritéar sin bunaithe ar na sonraí staidrimh a bhaineann le hallmhairiú an táirge atá faoi imscrúdú ó na tíortha lena mbaineann agus atá ar fáil i mbunachar sonraí Surveillance 2. Chun a mheas ar tharla méadú breise suntasach ó thionscnamh an imscrúdaithe, rinne an Coimisiún, i dtús báire, na tréimhsí ama a shainiú a bhí le cur i gcomparáid le chéile. Ar thaobh amháin, rinne sé measúnú ar na sonraí allmhairiúcháin ón India agus ón Indinéis tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála (i.e. an pointe ama a bhí allmhaireoirí ar an eolas faoi chleachtais dumpála nó ba cheart dóibh a bheith ar an eolas fúthu) go dtí an tréimhse is déanaí, i.e. an tréimhse mí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Eanáir 2021. Ar an taobh eile, ríomh an Coimisiún allmhairí Indiacha agus allmhairí Indinéiseacha i gcás na tréimhse céanna le linn na tréimhse imscrúdaithe ("TI"), i.e. mí Dheireadh Fómhair 2019 go mí Eanáir 2020, mar aon leis na meánmhéideanna míosúla allmhairiúcháin in TI iomlán.

(13) Léiríonn an chomparáid gur forbraíodh an meánmhéid míosúil allmhairiúcháin ón India agus ón Indinéis mar seo a leanas:

Tábla 1

Méideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (tonaí)

Méideanna allmhairí *(meán míosúil)*	An tréimhse imscrúdaithe (Iúil 2019 – Meitheamh 2020)	Deireadh Fómhair 2019 – Eanáir 2020	An tréimhse iarthionscnaimh (Deireadh Fómhair 2020 – Eanáir 2021)	Deilte	
				An tréimhse iarthionscnaimh vs an tréimhse imscrúdaithe (%)	Tréimhse tar éis tionscnaimh vs Deireadh Fómhair 2019 – Eanáir 2020 (%)
An India	8 984	10 918	6 321	-30	-42
An Indinéis	7 622	7 432	13 048	71	76
Tíortha lena mbaineann	16 606	18 350	19 370	17	6

(14) Ar bhonn na sonraí staidrimh sin, chinn an Coimisiún go raibh meánmhéid míosúil allmhairiúcháin na dtáirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ó na tíortha lena mbaineann sa tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Eanáir 2021, i.e. tar éis thionscnamh an cháis frithdhumpála, 17 % níos airde ná na meánallmhairí míosúla le linn TI agus 6 % níos airde ná an tréimhse chéanna den bhliain roimhe sin.

(15) Rinne Grúpa Jindal an argóint gur ghá an anailís le haghaidh clárú a bhunú ar an tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála, agus gur sholáthair Eurofer sonraí le haghaidh na tréimhse tar éis TI. Mhaígh Grúpa Jindal nach raibh aon fhianaise ar mhéadú suntasach breise ar allmhairí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála in aighneacht an ghearánaigh agus gur léirigh sonraí Eurostat laghdú ar allmhairí ón India i nDeireadh Fómhair 2020 i gcomparáid le TI (i.e. 8 650 tona i mí Dheireadh Fómhair 2020 i gcomparáid le meán míosúil 9 058 tona le linn TI). De réir Ghrúpa Jindal, ba sa chéad mhí de gach ráithe a rinneadh an méid ba mhó allmhairí ón Indinéis agus léiríodh laghdú ar na méideanna allmhairí sin i mí Dheireadh Fómhair 2020 i gcomparáid le mí Aibreáin agus mí Iúil 2020 (i.e. 21 532 tona i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus 22 299 tona i mí Aibreán 2020 agus 26 787 tona i mí Iúil 2020). Dá bhrí sin, tháinig Grúpa Jindal ar an gconclúid nach raibh aon mhéadú ar allmhairí agus nár comhlíonadh an critéar sin dá bhrí sin.

(16) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús gur chuir an gearánach staitisticí ar fáil le haghaidh na tréimhse imscrúdaithe, an tríú ráithe de 2020, agus le haghaidh na tréimhse tar éis an tionscnaimh, i.e. go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020. Chuir Grúpa Jindal sonraí ar fáil freisin le haghaidh na dtréimhsí céanna leis an ngearánach, a chríochnaigh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tá anailís an Choimisiúin bunaithe ar na sonraí is déanaí a tháinig chun deiridh i mí Eanáir 2021, mar atá sonraithe i dTábla 1 thuas. Mar a mhínítear in aithris (12), rinneadh na meánallmhairí míosúla iar-TI ábhartha le haghaidh na tréimhse mí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Eanáir 2021 a chur i gcomparáid leis na meánallmhairí míosúla le haghaidh na tréimhse mí Dheireadh Fómhair 2019 go mí Eanáir 2020, mar aon leis na meánmhéideanna míosúla allmhairiúcháin in TI iomlán. Níor breithníodh an tréimhse idir TI agus tionscnamh an imscrúdaithe, is é sin an tríú ráithe de 2020, sa mheasúnú seo. Léirigh na sonraí ábhartha a bhreithnigh an Coimisiún, a carnadh i gcás na dtíortha lena mbaineann, ardú breise suntasach ar allmhairí tar éis tionscnaimh nuair a chuirtear i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdaithe agus leis an tréimhse chomhfhreagrach le linn TI araon iad. I bhfianaise na sonraí is déanaí atá ar fáil don Choimisiún, cinneadh go bhfuil an maíomh a rinne Grúpa Jindal nach bhfuil aon ardú suntasach eile ón India agus ón Indinéis araon tar éis tionscnaimh, go bhfuil sé mícheart. Níor athraigh éileamh Ghrúpa Jindal go ndearnadh an méid ba mhó d'allmhairí ón Indinéis sa chéad mhí de gach ráithe an chonclúid go raibh méadú breise suntasach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar bhonn na sonraí allmhairiúcháin ábhartha. Is dócha go mbeidh an dlús allmhairí sin nasctha le hoibriú an Taraif-chuóta atá saor ó dhleacht choimirce faoi na bearta coimirce maidir le táirgí cruach áirithe ("bearta coimirce") ([3]), i gcás ina mbeidh méideanna móra allmhairí ag luathchéimeanna na ráithí den chuid is mó de ghnáth de thoradh oscailt baisceanna nua de Tharaif-chuóta atá saor ó dhleacht choimirce ag tús gach ráithe. Caitheadh amach na maímh ó Ghrúpa Jindal dá bhrí sin.

(17) Mhaígh an gearánach gur tháinig méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann mar gheall ar na taraif-chuótaí léirscaoilte ar an táirge lena mbaineann tar éis an athbhreithnithe ar na bearta coimirce ([4]) agus go bhféadfaí a bheith ag súil le méadú breise ar allmhairí, lena ndéanfar tuilleadh díobhála, mar gheall ar athruithe a rinneadh ar na taraif-chuótaí tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ([5]). Rinne an gearánach an argóint go ndéanfaí coigeartú méadúcháin os cionn 13 000 tona ar an gcuóta "tíre eile", agus go dtabharfaí leis an méadú sin deis don Indinéis a honnmhairí chuig an Aontas Eorpach a mhéadú a thuilleadh. Chaith Grúpa Jindal an maíomh sin amach mar mhaíomh neamhshubstaintiúil agus amhantrach. Ag an am céanna, mhaígh Grúpa Jindal nach raibh ach méadú ar allmhairí ó thríú tíortha eile seachas na tíortha lena mbaineann ina thoradh ar léirscaoileadh breise na mbeart coimirce.

([3]) Commission Implementing Regulation (EU) 2019/159 of 31 January 2019 imposing definitive safeguard measures against imports of certain steel products (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

([4]) Commission Implementing Regulation (EU) 2020/894 of 29 June 2020 amending Implementing Regulation (EU) 2019/159 imposing definitive safeguard measures against imports of certain steel products (IO L 206, 30.6.2020, lch. 27).

([5]) Fógra maidir le leibhéal na dTaraif-Chuótaí a oiriúnú faoi na bearta coimirce ar tháirgí cruach áirithe tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ón 1 Eanáir 2021 amach (IO C 366, 30.10.2020, lch. 36).

(18) Tá cuótaí tírshonracha níos ísle ann de dheasca an oiriúnaithe ar leibhéal na dtaraif-chuótaí faoi na bearta coimirce tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, agus ag an am céanna mhéadaigh sé an cuóta do thíortha eile. Cé go bhfuil cuóta tírshonrach ag an India, ní mór don Indinéis allmhairiú a dhéanamh faoin gcuóta domhanda atá ag tíortha eile freisin. Bhí cuid mhór den chuóta domhanda á húsáid go comhsheasmhach ag an Indinéis ó theacht i bhfeidhm na mbeart coimirce agus léirigh allmhairí i mí Eanáir 2021 (i.e. beagnach 30 000 tona as an gcuóta 2021Q1 iomlán domhanda 46 536 tona) méadú breise ar allmhairí ón Indinéis. Mar sin, ní le hallmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann amháin a bhain an méadú a tháinig de thoradh imeacht na Ríochta Aontaithe, mar a mhaígh Grúpa Jindal. Dá bhrí sin, tacaíonn an fhianaise atá ar fáil leis an maíomh ón ngearánach gur dócha go dtiocfaidh méadú breise ar allmhairí ón Indinéis tar éis an oiriúnaithe tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

(19) I bhfianaise na bhfíricí thuasluaite, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an dara critéar maidir le clárú freisin.

3.3. **An bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na dleachta**

(20) Tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go mbeadh díobháil bhreise ann de thoradh méadú leanúnach ar allmhairí ón India agus ón Indinéis ar phraghsanna a bheadh á laghdú a thuilleadh, rud ar dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeachtaí ceartaitheacha na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

(21) Mar a léirítear i roinn 3.2, tá fianaise leordhóthanach ann go bhfuil ardú suntasach tagtha ar allmhairí an táirge ina n-iomláine sa tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe.

(22) Anuas air sin, tá fianaise ann go bhfuil treocht atá ag laghdú ann i bpraghsanna allmhairí an táirge lena mbaineann bunaithe ar bhunachar sonraí Surveillance 2. Tháinig laghdú 12 % ar an meán ar mheánphraghas in euro allmhairí ó na tíortha lena mbaineann nuair a chuirtear an tréimhse idir mí Dheireadh Fómhair 2020 agus mí Eanáir 2021 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin agus 10 % nuair a chuirtear í i gcomparáid leis an meán míosúil sa tréimhse imscrúdaithe, mar a léirítear i dTábla 2 thíos.

Tábla 2

Praghsanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (EUR/tonaí)

Meánphraghas allmhairí	Tréimhse imscrúdaithe (Iúil 2019 – Meitheamh 2020)	Deireadh Fómhair 2019 – Eanáir 2020	An tréimhse iarthionscnaimh (Deireadh Fómhair 2020 – Eanáir 2021)	Laghdú ar phraghsanna (%) An tréimhse iarthionscnaimh vs An tréimhse imscrúdaithe	Laghdú ar phraghsanna (%) An tréimhse iarthionscnaimh vs Deireadh Fómhair 2019 – Eanáir 2020
An India	2 076	2 122	1 898	-9	-11
An Indinéis	1 972	2 007	1 780	-10	-11
Tíortha lena mbaineann	2 028	2 075	1 818	-10	-12

(23) Mhaígh an gearánach go raibh méadú ar na hallmhairí ann ag an am céanna le méadú ar chostais amhábhar, go háirithe nicil agus fearóchróimiam, costais a bhfuil sé líomhainte go ndearnadh saobhadh orthu sna tíortha lena mbaineann, rud a chuireann brú praghsanna breise ar thionscal an Aontais. Chuir Grúpa Jindal i gcoinne méadú den sórt sin ar phraghas fearóchróimiam agus rinne an grúpa an argóint nach bhféadfadh an méadú ar phraghsanna nicile a bheith ina chúis díobhála, mar gheall ar an treocht thimthriallach atá acu.

(24) Tar éis méadú níos mó ná 10 % ón gcéad ráithe de 2020 a léiriú, d'fhan praghas fearóchróimiam cobhsaí le linn na dtrí ráithe dheireanacha de 2020 agus tháinig méadú 3 % air in 2021. Mhéadaigh an praghas ar nicil ar an Malartán Miotal Londain thart ar 40 % ó dheireadh na tréimhse imscrúdaithe. Cé gur léiríodh go bhfuil praghas stairiúil nicile luaineach, níor chuir Grúpa Jindal aon fhianaise ar fáil maidir le treocht shoiléir thimthriallach. Thug an Coimisiún faoi deara méadú ar phraghsanna amhábhar ó tionscnaíodh an t-imscrúdú ar eascair tuilleadh cúngach praghsanna ar thionscal an Aontais uaidh, toisc nach bhféadfaí na méaduithe sin ar phraghsanna a léiriú i bpraghas an táirge lena mbaineann i ngeall ar na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann. Tá fianaise ann freisin maidir le cúngach praghsanna den sórt sin i sonraí an ghearánaigh maidir leis an laghdú ar EBITDA de chuid thionscal an Aontais.

(25) Thairis sin, chuir an gearánach fianaise ar fáil go ndéanann allmhaireoirí an táirge lena mbaineann a stoc-charnadh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais, go háirithe i bhfianaise dhul i méad chostas na n-amhábhar agus gur dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach aon dleachta frithdhumpála atá le cur i bhfeidhm.

(26) Thairis sin, rinne Grúpa Jindal an argóint nár cuireadh san áireamh san iarraidh ar chlárú an t-éileamh laghdaithe a d'eascair ó phaindéim Covid-19.

(27) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil nasc idir an argóint sin agus fíricí cúisíochta agus sannta, rudaí nach bhfuil ábhartha go díreach san anailís chun allmhairí a chlárú faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. In aon chor, measann an Coimisiún maidir le haon laghdú san éileamh de bharr na paindéime nach bhféadfadh méideanna allmhairí méadaithe ar phraghsanna níos ísle ach staid thionscal an Aontais a dhéanamh níos measa, agus dá bhrí sin gur dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh an argóint sin.

(28) Mar gheall ar mhéadú breise ar an líon allmhairí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, i bhfianaise uainiú, mhéid agus imthosca eile an imscrúdaithe, amhail iompraíocht phraghsála táirgeoirí onnmhairithe, costais na n-amhábhar atá ag dul i méad, agus léiriú na ngníomhaíochtaí stoc-charntha a dhéanann allmhaireoirí an táirge lena mbaineann, is dócha go mbainfidh an méadú breise ar allmhairí d'éifeacht cheartaitheach aon dleachta cinntithí, ach amháin má chuirtear an dleacht sin i bhfeidhm go cúlghabhálach.

(29) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur comhlíonadh an tríú critéar maidir le clárú freisin.

4. **NÓS IMEACHTA**

(30) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt d'allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir clárú i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(31) Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil. Féadfaidh an Coimisiún éisteacht le páirtithe leasmhara, ar choinníoll go ndéanann siad iarraidh i scríbhinn agus go dtaispeánann siad go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a thabhairt dóibh.

5. **CLÁRÚ**

(32) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, ba cheart allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir clárú chun a áirithiú go bhféadfar na dleachtanna sin a ghearradh go cúlghabhálach, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina mbeadh cúis le forchur dleachtanna frithdhumpála de thoradh thorthaí na n-imscrúduithe.

(33) Thiocfadh aon dliteanas a bheadh ann amach anseo as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála.

(34) Measann líomhaintí sa ghearán ina n-iarrtar tionscnamh imscrúdaithe frithdhumpála corrlaigh dumpála 48,8 % i gcás na hIndia agus ó 15,6 % go 34,4 % i gcás na hIndinéise agus leibhéal measta díobhála 33,9 % i gcás na hIndia agus 44,1 % i gcás na hIndinéise le haghaidh an táirge lena mbaineann. Dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú de ghnáth ar an leibhéal is ísle de na leibhéil sin de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, áfach, go bhfuil coinníollacha Airteagal 7(2a) agus Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán á gcomhlíonadh i gcás na hIndia agus/nó na hIndinéise, eadhon go bhféadfaí an corrlach dumpála a mheas mar léiriú ar an díobháil a bhain le tionscal an Aontais, dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i leith allmhairí ó na tíortha sin a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh dumpála..

6. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(35) Déanfar aon sonraí pearsanta a bailíodh i gcomhthéacs an chlárúcháin seo a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ([6]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a thabhairt chun allmhairí táirgí cruach dosmálta cothromrollta, nach ndearnadh oibriú breise orthu seachas a bheith fuarrolladh (fuarlaghdú), a chlárú. Is faoi na cóid AC 7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20 agus 7220 90 80 atá na táirgí seo faoi láthair agus is de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise iad.

2. Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn, fianaise thacaíochta a chur ar fáil nó éisteacht a iarraidh laistigh de 21 lá ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).